# BEARTAS DON FHOIREANN UM LABHAIRT SUAS

| imní: TÁ IMNÍ ORM.... | dul i gcomhairle: Cé leis ar féidir liom labhairt? | labhair amach: Más práinneach an cheist, ba cheart dom.... |
|---|---|---|
| faoin dóigh ar seoladh scrúdú nó iniúchadh | do bhainisteoireacht líne nó LS na Lársheirbhísí | rPhost a sheoladh chuig *speakup@audit.gov.ie* nó teagmháil a dhéanamh leis an Rúnaí, leis an Stiúrthóir Iniúchóireachta nó leis an ARCC |
| faoi iompar mí-eiticiúil nó neamhghairmiúil | do bhainisteoireacht líne nó LS na Lársheirbhísí | rPhost a sheoladh chuig *speakup@audit.gov.ie* nó teagmháil a dhéanamh leis an Rúnaí, leis an Stiúrthóir Iniúchóireachta nó leis an ARCC |
| faoi chalaois nó iompar míchuí | do bhainisteoireacht líne nó LS na Lársheirbhísí | rPhost a sheoladh chuig *speakup@audit.gov.ie* nó teagmháil a dhéanamh leis an Rúnaí nó leis an ARCC |
| faoi idirdhealú, ciapadh nó iompraíocht mhíchuí | Ionadaí ón tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe de chuid na Státseirbhíse nó ó Aonad na nAcmhainní Daonna | rPhost a sheoladh chuig *speakup@audit.gov.ie* nó teagmháil a dhéanamh le LS na Lársheirbhísí nó leis an ARCC |

Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Office of the Comptroller and Auditor General

## Labhairt Suas

Tá Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (an Oifig) tiomanta, faoin mbeartas seo, do thimpeallacht a sholáthar lena spreagfaí duit Labhairt Suas i ndáil le haon ábhar imní a d'fhéadfadh a bheith agat faoin éagóiritheoireacht i ndáil le haon ghné den chaoi a ndéanaimid gnó nó i ndáil le nithe a bhaineann le cúrsaí iompair phearsanta nó iompraíochta pearsanta.

Tugtar faisnéis faoi conas is féidir leat Labhairt Suas faoi rún, agus a fhios a bheith agat go ndéanfar na hábhair imní agat a imscrúdú go críochnúil, go cothrom agus gan díoltas.

Tá freagracht ort Labhairt Suas má tá amhras ort, nó má chreideann tú, go ndearnadh éagóiritheoireacht nó go bhfuil éagóiritheoireacht ag tarlú. D'fhéadfadh ábhair imní a bheith bainteach le do thaithí féin nó le rud éigin a chonaic tú.

Ba mhaith linn daoine a spreagadh chun iompar breathnaithe a d'fhéadfadh dul i gcoinne ár gcroíluachanna a fhógairt.

Tá an Oifig tiomanta do chultúr san ionad oibre a chruthú a thacaíonn le nochtadh cosanta a dhéanamh agus a chosnaíonn daoine tuairiscithe.

Tá sé mar aidhm leis an mbeartas seo, dá bhrí sin, éifeacht a thabhairt d'oibleagáidí agus forálacha an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014, arna leasú leis an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022 (an tAcht um Nochtadh Cosanta). Soláthraítear leis ardán sábháilte d'oibrithe ar mian leo nochtadh cosanta a dhéanamh agus fios maith acu go bhfuil na cosaintí a bhforáiltear dóibh leis an Acht acu. Ní thagann sé in ionad aon oibleagáide tuairiscithe éigeantaigh faoi reachtaíocht eile nach mór cloí léi go hiomlán.

Baineann an beartas le gach 'oibrí' mar a mhínítear in Alt 3 den Acht um Nochtadh Cosanta agus folaíonn sé gach fostaí reatha, gach iarfhostaí, gach conraitheoir neamhspleách, gach printíseach, gach mac léinn, gach ball foirne gníomhaireachta, gach comhalta den choiste iniúchóireachta agus gach iarratasóir poist.

Léigh an cháipéis seo go cúramach sula ndéanann tú tuairisc. Is fútsa amháin atá sé a chinntiú go gcomhlíonann tú na critéir chosanta faoin Acht.

Sainmhínítear sa reachtaíocht gurb é is nochtadh cosanta ann ná nochtadh faisnéise a bhfuil claonadh ann (1) i ***dtuairim réasúnach*** oibrí, go léirítear ***éagóiritheoireacht iomchuí*** amháin nó níos mó ann, (2) a tháinig ar aird an oibrí i ***gcomhthéacs a bhaineann leis an obair***, agus (3) a ***nochtar*** ar an ***modh a fhorordaítear*** san Acht um Nochtadh Cosanta.

Chun cosaintí an Achta um Nochtadh Cosanta a fháil, tá sé tábhachtach go ndéanfaí an nochtadh ar an modh atá leagtha amach san Acht agus go mbeadh feidhm ag na coinníollacha riachtanacha seo a leanas

- caithfidh gur cuireadh an t-eolas ar an éagóiritheoireacht iomchuí faoi d'aird i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair
- ní mór creideamh réasúnach a bheith agat go léirítear san fhaisnéis go bhfuil éagóiritheacht iomchuí ann.

Ní éilítear le 'creideamh réasúnach' go gcruthóidh an duine atá ag tuairisciú na héagóiritheoireachta fírinne na bhfíoras sa nochtadh, ach caithfidh 'creideamh réasúnach' a bheith acu go bhfuil forais imní ann agus nochtadh á dhéanamh trí úsáid a bhaint as an nós imeachta seo.

Ní bhaineann údar spreagtha duine chun nochtadh a dhéanamh le hábhar agus cinneadh á dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil tuairisciú ina nochtadh atá faoi chosaint an Achta.

Gabhann an Oifig uirthi gan iarraidh ar oibrí nó iar-oibrí a gceart chun nochtadh cosanta a dhéanamh a tharscaoileadh in imthosca ar bith nó srian a chur le nochtadh cosanta a dhéanamh, ná feidhmiú aon fhorála den Acht a eisiamh nó a theorannú.

Is leagtha amach in Aguisín A atá sainmhínithe príomha ón Acht um Nochtadh Cosanta is sainmhínithe atá ábhartha don bheartas seo.

Is ar an Rúnaí agus ar an Stiúrthóir Iniúchóireachta atá an fhreagracht as an mbeartas seo a chur chun feidhme agus is é an Bord Iniúchóireachta a dhéanann formhaoirseacht air.

### Cineálacha imní atá le tuairisciú

Tá roinnt beartas agus nósanna imeachta ann chun ár ngnó a oibriú go hordúil agus go héifeachtach agus chun an fhoireann a stiúradh agus a chosaint. Is féidir le sáruithe ar chaighdeáin ionchais agus le neamhchomhlíonadh na mbeartas seo an bonn a bhaint dár misean agus dár ról agus bíonn tionchar diúltach acu ar an bhfoireann.

Trí bhealaí tuairiscithe éifeachtacha a bheith againn do bhaill foirne ar mian leo ábhair imní a nochtadh, is féidir linn breathnú ar ár gcleachtais, chun ceachtanna a fhoghlaim má tá rud éigin mícheart, agus chun aghaidh a thabhairt ar an ní.

In Alt 5(3) den Acht um Nochtadh Cosanta, sainaithnítear na héagóiritheoireachtaí iomchuí a chumhdaítear leis an Acht. Is iad sin

- cionta coiriúla
- mainneachtain cloí le hoibleagáid dhlíthiúil (seachas conradh fostaíochta oibrí)
- iomrall ceartais
- an tsláinte agus an tsábháilteacht a chur i mbaol
- damáiste don chomhshaol
- úsáid mhídhleathach nó mhíchuí cistí poiblí

- iompar leatromach, idirdhealaitheach nó mórfhaillíoch arna dhéanamh ag comhlacht poiblí
- sáruithe ar dhlí AE
- fianaise ar éagóiritheoireacht a cheilt nó a scriosadh.

Tabhair do d'aire nach éagóiritheoireacht iomchuí chun críocha an Achta é ní a bhaineann le casaoidí idirphearsanta a dhéanann difear go heisiach don duine tuairiscithe, amhail casaoidí faoi choinbhleachtaí idirphearsanta a bhaineann leis an duine tuairiscithe agus comhoibrí. Déileáiltear le casaoidí idirphearsanta faoinár mbeartas um an dínit san ionad oibre atá ar fáil ar inlíon na hOifige.

Ina theannta sin, ní éagóiritheoireacht iomchuí é an ní (agus ní thagann sé faoi théarmaí an Achta, ná ní ghabhann cosaintí agus cúiteamh an Achta leis) má thagann sé ar eolas duit mar chuid den obair iniúchóireachta nó scrúdaithe agus mura mbaineann gníomh nó neamhghníomh ar thaobh na hOifige leis.

Ina theannta sin, níl sé i gceist go bhfeidhmeodh an beartas seo mar ionadaí ar an ngnáth-thuairisciú oibríochtúil laethúil ná ar nósanna imeachta fostaíochta inmheánacha eile.

## Cén duine ar féidir liom caint leis/léi faoi ábhar/ábhair imní?

Molaimid go láidir duit aon ábhar imní a ardú san Oifig ar an gcéad ásc. Ag brath ar an gcineál imní atá agat, is féidir go mbeidh fonn ort labhairt le do bhainisteoir líne, le do leas-stiúrthóir nó leis an Leas-Stiúrthóir um Sheirbhísí Lárnacha.

Más ní idirphearsanta atá i gceist (e.g., ceisteanna caidrimh, an ciapadh nó an bhulaíocht), is féidir go mbeidh fonn ort labhairt le hionadaí de chuid an Aonaid AD nó d'fhéadfá labhairt le Seirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe na Státseirbhíse (CSEAS)[1] (Fón: 0818 00 8120) freisin.

Bíonn idirghníomhaíochtaí le CSEAS faoi rún, faoi réir eisceachtaí áirithe[2].

Tabhair do d'aire nach féidir leis an Oifig aon chomhairle dlí a thabhairt. Má tá tú ag smaoineamh ar nochtadh oifigiúil a dhéanamh, agus má tá imní ort faoin dlí a bhaineann leis, molaimid duit comhairle dlí neamhspleách a lorg sula ndéanann tú amhlaidh. Féadfar nochtadh arna dhéanamh ag oibrí le linn dó/di comhairle dlí a fháil ó abhcóide, aturnae nó oifigeach ceardchumainn a mheas mar nochtadh cosanta.

Tá an Oifig ina ball den chlár Ionracas san Obair, tionscnamh de chuid Transparency International (TI) Ireland a chuidíonn le hionaid oibre a chothú ina dtacaítear leis na baill foirne chun ábhair imní faoi éagóiritheoireacht a nochtadh agus chun gníomhú le hionracas. Mar chuid dár dtiomantas do chosaint na baill foirne a ardaíonn ábhair imní faoi éagóiritheoireacht a chosaint, tá an gealltanas um Ionracas ag an Obair sínithe ag an Oifig lena chinntiú nach ngearrfar pionós ar aon duine a thuairiscíonn éagóiritheoireacht agus go ndéanfar beart mar fhreagairt do na hábhair imní arna n-ardú. Tá cóip den ghealltanas le fáil in Aguisín B.

Tá cúnamh saor in aisce faoi rún ar fáil ó TI Ireland trína *líne chabhrach um labhair amach* ag 1800 844 866, is féidir leo glaoiteoirí a atreorú go dtí an tIonad Comhairle Dlí Trédhearcachta chun rochtain a fháil ar chomhairle dlí saor is aisce más cuí. Sonraítear bealaí eile inar féidir teagmháil a dhéanamh leis ar a shuíomh Gréasáin, Transparency.ie, agus tá físeán 'Speak Up Safely' agus Treoir um 'Speak Up Safely' ann, mar eolas, freisin. Tá nasc chuig suíomh Gréasáin TI Ireland ar an leathanach 'Your Voice' ar inlíon na hOifige.

Más rud é, tar éis labhairt le duine éigin san Oifig nó tar éis dul i dteagmháil le ceann de naheagraíochtaí tacaíochta thuasluaite, gur mian leat ábhar a bhaineann leat a thuairisciú go foirmiúil, lean na céimeanna thíos.

## Conas Labhairt Suas

Níl aon fhormáid riachtanach ann chun éagóiritheoireacht a thuairisciú don Oifig. Is féidir tuairisc a dhéanamh ó bhéal, ar an bhfón, nó i scríbhinn. Tá duine ainmnithe ceaptha ag an Oifig chun nochtaí inmheánacha a fháil agus a bhainistiú. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh lenár nduine ainmnithe ar an teileafón, tríd an bpost nó trí ríomhphost mar a leanas

**thar an teileafón:** 01 863 8608

(I gcás ina bhfágfaidh an duine tuairiscithe teachtaireacht ghlórphoist, déanfar í a thaifeadadh, mar sin seachain aon sonraí pearsanta nach bhfuil gá leo a nochtadh).

**i scríbhinn:** An tUas. Mitchell McIntyre
Leas-Stiúrthóir um Sheirbhísí Lárnacha
Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1
D01 PF72

**nó trí ríomhphost:** speakup@audit.gov.ie

(ní fhéadfaidh ach an Rúnaí, an Stiúrthóir Iniúchóireachta agus an Leas-Stiúrthóir um Sheirbhísí Lárnacha an seoladh seo a rochtain).

I gcás go ndéanann tú na hábhair imní atá agat a thuairisciú ar an teileafón, is féidir cruinniú duine-le-duine a shocrú leis an duine ainmnithe laistigh de thréimhse réasúnach, má iarrann tú amhlaidh. Maidir leis an ionad cruinnithe, déanfar gach iarracht a chinntiú go gcosnófar do phríobháideacht agus do chéannacht ann.

Nuair a dhéantar nochtadh ó bhéal, déanfaidh an duine ainmnithe é a dhoiciméadú agus beidh sé comhaontaithe leat.

Agus nochtadh á dhéanamh agat, cuir in iúl an bhfuiltear nó nach bhfuiltear ag déanamh an tuairiscithe faoin reachtaíocht um nochtadh cosanta agus cuir an oiread faisnéise agus is féidir leat leis chun an Oifig a chumasú d'ábhar imní a mheasúnú agus a imscrúdú, amhail

- d'ainm, do phost san Oifig agus do shonraí teagmhála faoi rún (ach amháin má tá an tuairisciú á dhéanamh gan ainm)
- dáta na héagóiritheoireachta líomhnaithe (más eol) nó an dáta a cuireadh tús leis an éagóiritheoireacht líomhnaithe nó a sainaithníodh í
- cibé acu atá an éagóiritheoireacht líomhnaithe fós ag tarlú nó nach bhfuil
- cibé acu a nochtadh nó nár nochtadh an éagóiritheoireacht líomhnaithe cheana féin agus má nochtadh, cé dó/di ar nochtadh í, cathain a nochtadh í, agus cén gníomh a rinneadh dá bun
- a oiread sonraí agus is féidir maidir leis na hábhair imní atá agat (cad atá ag tarlú / conas a tharla sé agus cén chúis atá leis)
- aon fhianaise atá ar fáil a rachadh chun tairbhe do chinneadh measúnaithe na hOifige.
- ainm(neacha) an duine/na ndaoine a líomhnaítear a rinne an éagóir (má tá an t-ainm ar eolas agus má mheasann tú go bhfuil sé riachtanach duine a ainmniú agus an éagóiritheoireacht a nochtadh á tuairisciú)
- aon fhaisnéis eile atá iomchuí.

Nuair is féidir, ba cheart duit iarracht a dhéanamh an nochtadh a chumadh i dtéarmaí na faisnéise a tháinig tú uirthi seachas iarracht a dhéanamh teacht ar chonclúidí maidir le daoine aonair nó le cionta sonracha.

Ní féidir obair leantach a dhéanamh ar nochtadh ach amháin má tá dóthain faisnéise ann agus/nó má tá féidearthacht réasúnach ann tuilleadh faisnéise a fháil.

## Nochtaí gan ainm

Is féidir go mbeidh fonn ort gan d'ainm a thabhairt nuair a dhéanann tú nochtadh. Is éard is nochtadh gan ainm ann ná nochtadh ina ndéanann tú tuairisc gan d'ainm ná eolas faoi do chéannacht a fhógairt. Ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir é sin agus tuairisciú rúnda, ina ndéanann duine tuairisc ar an tuiscint nach roinnfidh an faighteoir a (h)ainm ná mionsonraí aitheantais eile gan cead an duine tuairiscithe fháil.

Gníomhóidh an Oifig de bhun nochtaí gan ainm a mhéid is féidir é sin a dhéanamh i bhfianaise na srianta a bhaineann le tuilleadh faisnéise a fháil faoin éagóiritheoireacht líomhnaithe agus maidir le haiseolas a sholáthar ar aon imscrúdú a rinneadh. Ina theannta sin, ba cheart a thabhairt faoi deara nach féidir le hoibrí cúiteamh a fháil faoin Acht um Nochtadh Cosanta gan a chéannacht/céannacht féin a nochtadh.

Molaimid mar sin d'aon duine a dhéanann tuairisc a (h)ainm a chur le líomhaintí, agus ár ndearbhú rúndachta ag gabháil léi nuair is féidir, chun obair leantach chuí a éascú. Fágfaidh sé sin go mbeidh sé níos fusa an nochtadh a mheasúnú agus gníomh cuí a dhéanamh, agus cosaint a sholáthar ó phionós.

Mura bhfuil sé sin indéanta, is féidir go mbeifear in ann seoladh ríomhphoist gan ainm a sholáthar a mbeidh an duine ainmnithe in ann é a úsáid chun comhfhreagras a dhéanamh leis an duine tuairiscithe.

## Nochtadh a dhéanamh do dhaoine eile

Cé gur fearr aon ábhair imní a d'fhéadfadh a bheith agat a nochtadh don Oifig, ceadaítear faoin Acht um Nochtadh Cosanta nochtadh a dhéanamh go seachtrach. Mar shampla, is féidir éagóiritheoireacht iomchuí a nochtadh do dhuine forordaithe, don Choimisinéir um Nochtadh Cosanta, d'Aire Rialtais nó do thríú páirtí.

- ***Nochtadh a dhéanamh do dhuine forordaithe:*** Féadfar nochtadh a dhéanamh do dhuine forordaithe i gcás go gcreideann an t-oibrí le réasún go dtagann an éagóiritheacht iomchuí faoin gcur síos ar na nithe a bhfuil an duine forordaithe ina leith. Ní mór don oibrí a chreidiúint le réasún freisin gur 'fíor go substaintiúil' atá an fhaisnéis atá sa nochtadh agus aon líomhain atá istigh ann. Tá an tairseach níos airde i ndáil leis sin ná mar atá amhlaidh i gcás nochta inmheánaigh. Is féidir liosta de dhaoine forordaithe a fháil ag https://www.gov.ie/prescribed-persons. Féadfar tuairisc a thabhairt do dhuine forordaithe ó bhéal nó i scríbhinn.

  Is duine forordaithe é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun nochtadh a fháil i ndáil le héagóiritheoireacht líomhnaithe a bhaineann le húsáid mhíchuí cistí poiblí agus acmhainní nó nithe a bhaineann le luach ar airgead i leith eintiteas a thagann faoina shainchúram. Tá cóip dár mbeartas maidir le nochtadh daoine forordaithe ar fáil ar shuíomh gréasáin na hOifige www.audit.gov.ie.

- ***Nochtadh don Choimisinéir um Nochtadh Cosanta:*** Bunaíodh Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta faoin Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022. Féadfar nochtadh a dhéanamh ó bhéal nó i scríbhinn don Choimisinéir um Nochtadh Cosanta, a tharchuirfidh an tuairisc chuig duine forordaithe nó duine oiriúnach eile le haghaidh admháil, gníomhaíocht leantach agus aiseolais. Tá an Coimisinéir freagrach freisin as gach nochtadh cosanta a sheoltar chuig Airí an Rialtais a tharchur chuig an údarás is oiriúnaí le haghaidh measúnú agus gníomhaíocht leantach chríochnúil. Ní dhéanfaidh an Coimisinéir obair leantach dhíreach ar thuairisc ach amháin mar rogha dheiridh.
- ***Nochtadh d'Aire faoi Alt 8 den Acht um Nochtadh Cosanta:*** Féadfar nochtadh a dhéanamh i scríbhinn don Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin trí ríomhphost chuig
    - *ProtectedDisclosurestotheMinister@per.gov.ie*

      *nó* sa phost chuig
    - An tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, f/ch Rúnaí Príobháideach an Aire, An Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, An Bloc Theas, Tithe an Rialtais, Sráid Mhuirfean Uachtarach, Baile Átha Cliath 2.

    Má tá nochtadh á dhéanamh agat chuig Aire, ba chóir duit a shonrú go bhfuil an nochtadh á dhéanamh faoi alt 8 den Acht um Nochtadh Cosanta.

    Ceanglaítear ar an Aire an tuairisc a chur faoi bhráid an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta lena tarchur ar aghaidh nó chun gníomhaíocht leantach a dhéanamh dá bun.

- ***Nochtadh do thríú páirtí:*** Is féidir nochtadh a dhéanamh do thríú páirtí ar an gcoinníoll go bhfuil sé tuairiscithe agat cheana féin go hinmheánach agus/nó go seachtrach agus go gcreideann tú le réasún nach bhfuil aon ghníomh déanta nó go bhfuil gníomh neamhleor déanta, go bhfuil contúirt láithreach nó fhollasach ann do leas an phobail nó go bhfuil riosca pionósaithe nó ionchas íseal ann go dtabharfar aghaidh go hinmheánach ar an éagóiritheoireacht iomchuí.

Tagann nochtadh a dhéantar lasmuigh den Oifig faoi réir coinníollacha níos déine chun cáiliú le haghaidh chosaint faoin Acht um Nochtadh Cosanta. Féach Aguisín C chun mionsonraí a fháil faoi na coinníollacha éagsúla atá riachtanach le go gcáileoidh tuairisc mar nochtadh cosanta.

Mholfaimis d'aon duine a dhéanann tuairisc nochta déanamh amhlaidh go hinmheánach, fiú má tá tuairisc sheachtrach déanta aige/aici cheana féin. Cuireann sé sin ar chumas na hOifige aon éagóiritheoireacht a shainaithint agus dul i ngleic léi chomh tapa agus is féidir. Cuireann sé ar chumas na hOifige freisin an duine tuairiscithe a chosaint ar aon phionós a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar thoradh ar nochtadh.

## Céimeanna i nochtadh arna fháil a bhainistiú

Glactar le gach nochtadh i ndáiríre, is cuma cén dóigh a ndéantar iad, agus déantar gach iarracht aghaidh a thabhairt go hiomchuí ar na saincheisteanna arna dtarraingt anuas iontu. Déanfaidh an Oifig gach ní tuairiscithe a logáil.

### *Admháil*

Murar roghnaigh tú fanacht gan ainm nó má d'iarr tú a mhalairt, cuirfimid admháil chugat i scríbhinn á rá go bhfuarthas an tuairisc nochta laistigh de sheacht lá fhéilire ón lá a bhfaightear í. Ní eiseoimid admháil nuair a chreidimid le réasún go gcuirfear cosaint do chéannachta i gcontúirt dá ndéanfaí amhlaidh.

Soláthrófar inár n-admháil tuilleadh faisnéise faoi phróiseas nochta na hOifige a bhainfidh le láimhseáil na tuairisce.

### *Measúnú Tosaigh*

Déanfaidh an duine ainmnithe measúnú tosaigh ar an bhfaisnéis arna tuairisciú chun a dhéanamh amach an bhfuil nó nach bhfuil fianaise prima facie ann á léiriú go bhféadfadh go ndearnadh éagóiritheoireacht iomchuí agus ar cheart nó nár cheart déileáil léi mar nochtadh cosanta, ag féachaint d'fhorálacha an Achta um Nochtadh Cosanta.

Déanfaidh an duine ainmnithe anailís ar an tuairisciú chun cineál na faisnéise arna nochtadh a dhéanamh amach agus chun a dhéanamh amach an féidir nó nach féidir í a mhiondealú i sraith líomhaintí nó codanna ar leith, a bhféadfadh go mbeadh gá ann le gníomhaíocht leantach a dhéanamh ar gach ceann díobh ar leithligh nó dul i ngleic leo ar bhealach éagsúil, de réir na n-imthosca.

Nuair is gá, féadfaidh an duine ainmnithe an fhaisnéis arna tuairisciú a shoiléiriú leat nó tuilleadh faisnéise a lorg uait.

Más rud é, tar éis an mheasúnaithe tosaigh, go gcinneann an duine ainmnithe nach bhfuil aon fhianaise prima facie ann á léiriú go bhféadfadh go ndearnadh éagóiritheoireacht iomchuí, féadfar an t-ábhar a dhúnadh (nó a tharchur chuig próiseas inmheánach eile, amhail an próiseas um dhínit ag an obair le haghaidh casaoidí idirphearsanta). Cuirfear in iúl duit más é sin an beart atá á dhéanamh.

Má tá fianaise prima facie ann á léiriú go bhféadfadh go ndearnadh éagóiritheoireacht iomchuí, déanfar beart iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar an éagóiritheoireacht iomchuí.

Áireofar leis sin breithniú a dhéanamh ar cé acu is éagóiritheoireacht thromchúiseach nó mion-eagóiritheacht í an éagóiritheoireacht líomhnaithe, cé acu ba cheart nó nár cheart imscrúdú a dhéanamh ar an éagóiritheoireacht líomhnaithe agus, más gá, cé na bearta ba cheart a dhéanamh mar chuid d'imscrúdú den sórt sin.

Más rud é, tar éis an chéad mheasúnaithe, go gcinnfidh an duine ainmnithe nach bhfuil aon eolas nua suntasach sa tuairisc faoi éagóir ábhartha i gcomparáid le tuairisc roimhe sin inar tugadh chun críche na nósanna imeachta, mura bhfuil cúinsí dlíthiúla ná fíriciúla ina n-údar maith le fiosrúchán eile, tabharfar an cheist chun deiridh. Cuirfear in iúl duit más é seo an cur chuige atá á ghlacadh.

Féadfaidh an duine ainmnithe sonraí an nochta a chomhroinnt le comhaltaí an Bhoird Iniúchóireachta, go háirithe nuair atá impleachtaí tromchúiseacha ann don Oifig de bharr an nochta.

I gcásanna eisceachtúla, amhail nuair a tharlaíonn coimhlint leasa, nó nuair a luaitear an príomhdhuine ainmnithe sa nochtadh faoi chosaint, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le duine ainmnithe eile (comhalta ardbhainistíochta) chun an nochtadh a bhainistiú mar aon le haon imscrúdú atá de dhíth.

### *Imscrúdú*

I gcás ina bhfuil gá le himscrúdú, déanfaidh ball sinsearach cuí den fhoireann nó tríú páirtí arna cheapadh/ceapadh ag an Oifig an t-imscrúdú sin. Braithfidh sé sin ar thromchúis na n-ábhar a thuairiscítear agus ar cibé a mheasann nó nach measann an Oifig go mbeadh sé níos cuí go ndéanfaí an t-imscrúdú go seachtrach nó go ndéanfadh saineolaithe gairmiúla i réimse ar leith an t-imscrúdú. Cinnteoidh an Oifig freisin go bhfuil an duine a dhéanfaidh an t-imscrúdú neamhspleách ar an duine tuairiscithe agus ar an duine lena mbaineann araon.

Ní bheidh gá le téarmaí tagartha le haghaidh gach imscrúdaithe fhoirmiúil ach déanfar iad a tharraingt suas le haghaidh imscrúduithe casta nó tromchúiseacha de ghnáth.

I gcásanna áirithe, is féidir go mbeidh gá leis an ní a thuairisciú don Gharda Síochána nó do chomhlacht eile a bhfuil an chumhacht reachtúil agus an fheidhm aige chun imscrúdú a dhéanamh ar nithe áirithe agus le hé a bheith á imscrúdú ag an nGarda Síochána.

I gcás éagóiritheoireachta nach bhfuil chomh tromchúiseach sin, mar shampla i gcás nach bhfuil breithniú ar chinneadh díobhálach a dhéanamh faoi aon duine aonair i gceist leis, féadfar próiseas níos neamhfhoirmiúla a úsáid.

Is féidir go mbeidh plé le daoine iomchuí agus/nó breithniú ar dhoiciméid nó faisnéis amháin agus/nó athbhreithniú leathan ar cheisteanna gan fiosrú sonrach a dhéanamh ar fhíorais aon cháis ar leith i gceist leis.

Cinnfidh an Oifig cineál an phróisis neamhfhoirmiúil trí aird a thabhairt ar na himthosca, lena n-áirítear cineál na héagóiritheoireachta iomchuí líomhnaithe.

Beimid i dteagmháil leat chun a chinneadh an bhfuil nó nach bhfuil tú sásta aghaidh a thabhairt ar ábhar na tuairisce trí úsáid a bhaint as próiseas níos neamhfhoirmiúla. Tabhair faoi deara, áfach, go bhféadfadh cásanna a bheith ann ina gcuirtear tús le próiseas neamhfhoirmiúil ach, le linn an phróisis sin, ina sainaithnítear an gá le himscrúdú níos foirmiúla.

Ní féidir scálaí ama cruinne a leagan síos le haghaidh imscrúduithe, mar beidh sé sin ag brath ar chineál na saincheisteanna arna dtarraingt anuas. Cinnteoidh an Oifig, áfach, go ngníomhóidh na himscrúdaitheoirí ar luas réasúnach gan cur isteach ar cháilíocht an imscrúdaithe ná ar dhoimhneacht an imscrúdaithe.

### *Aiseolas*


Cuirfear ar an eolas thú faoin dul chun cinn agus faoi thoradh an imscrúdaithe de réir mar is cuí, agus aird á tabhairt ar chineál na n-ábhar arna n-imscrúdú.

Soláthrófar ár n-aiseolas tosaigh laistigh de thrí mhí ón dáta a n-admhóimid go bhfuarthas do thuairisc nochta. Cuirfear aiseolas breise ar fáil ag eatraimh ráithiúla go dtí go mbeidh an nós imeachta a bhaineann leis an tuarascáil dúnta, má iarrann tú é i scríbhinn.

Nuair is féidir, mionsonrófar san aiseolas an ghníomhaíocht a rinneadh nó atá beartaithe mar ghníomhaíocht leantach chomh maith leis an gcúis atá leis an ngníomhaíocht leantach sin. Maidir le haon aiseolas arna thabhairt, is faoi rún a chuirfear ar fáil é agus níor cheart duit é a nochtadh a thuilleadh, seachas do chomhairleoir dlí nó d'ionadaí ceardchumann nó seachas i gcás go bhfuil an fhaisnéis mar chuid dhílis de nochtadh cosanta eile atá á dhéanamh trí chainéal eile.

Is féidir nach mbeidh sé indéanta i gcónaí mionsonraí faoin toradh ar phróiseas imscrúdaithe a sholáthar don duine tuairiscithe, go háirithe i gcás go bhfuil próiseas araíonachta i gceist le hoibrí eile. Go ginearálta, bíonn faisnéis den sórt sin faoi rún idir an fostóir agus an t-oibrí arna smachtú.

Déanfar aon ghníomhaíocht feabhais a mheasann an Oifig a bheith riachtanach chun dul i ngleic le haon éagóiritheoireacht nó an riosca éagóiritheoireachta a d'fhéadfadh a bheith sainaitheanta a chur chun feidhme laistigh de thréimhse ama réasúnach.




## Rúndacht

Leis an Acht um Nochtadh Cosanta, forchuirtear oibleagáid ar an Oifig céannacht aon duine a dhéanann tuairisc nochta cosanta a chosaint.

Cuireann an Oifig cosc ar an duine ainmnithe nó ar aon bhall foirne a fhaigheann tuairisc nochta gan céannacht an duine tuairiscithe a nochtadh d'aon duine eile (nó aon fhaisnéis a d'fhéadfadh céannacht an duine tuairiscithe a nochtadh) gan toiliú sainráite an duine tuairiscithe, seachas go díreach laistigh de na forálacha a cheadaítear sa reachtaíocht um nochtadh cosanta.

Ní áirítear leis sin, áfach, daoine a measann an duine ainmnithe le réasún go bhfuil sé riachtanach céannacht an duine tuairiscithe a roinnt leo chun gníomhaíocht leantach a dhéanamh de bhun na tuairisce, e.g., ball foirne eile a bhféadfadh an saineolas teicniúil is gá a bheith aige/aici chun cabhrú leis an imscrúdú. Tá cosc ar dhaoine den sórt sin, áfach, céannacht an duine tuairiscithe a nochtadh freisin.

Ní dhéanfar tuairiscí agus mionsonraí maidir le haon obair ghaolmhar nó aon imscrúduithe gaolmhara a chomhroinnt, mar sin, ach amháin le líon teoranta daoine ar bhonn dianriachtanais seachas amháin i gcás go bhfuil, mar shampla, oibleagáid orainn faoin dlí an fhaisnéis a nochtadh i gcomhthéacs imscrúduithe nó imeachtaí breithiúnachta, nó i gcás gur gá é sin chun riosca tromchúiseach do shlándáil an Stáit, do shláinte an phobail, do shábháilteacht an phobail nó don chomhshaol a chosc.

Má mheasaimid gur gá do chéannacht a nochtadh ar cheann de na cúiseanna atá leagtha amach thuas, cuirfimid é sin in iúl duit roimh ré agus míneoimid na fáthanna a gceapaimid go bhfuil gá leis, seachas i gcás go gcuirfí na nithe seo a leanas i gcontúirt dá ndéanfaí amhlaidh

- an éagóiritheoireacht a imscrúdú go héifeachtach,
- chun baol tromaí do shlándáil an Stáit, do shláinte an phobail, do shábháilteacht an phobail nó don chomhshaol a chosc, nó
- chun coireacht a chosc nó cion coiriúil a ionchúiseamh.

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé a bheith deacair aitheantas an duine tuairiscithe a chosaint mar gheall ar an gcineál faisnéise a nochtadh. Sa chás sin, pléifear na rioscaí agus na gníomhartha maolaitheacha féideartha leis an duine tuairiscithe.

Má bhíonn aon imní ort nach bhfuil do chéannacht á cosaint, féadfaidh tú gearán a dhéanamh leis an Rúnaí agus leis an Stiúrthóir Iniúchóireachta, a scrúdóidh aon fhógraí den sórt sin agus a dhéanfaidh gníomhaíocht chuí nuair is gá.

Níor cheart d'aon bhall foirne, ar nochtadh céannacht an duine tuairiscithe dó/di mar chuid de thuairisc nochta a fháil agus de ghníomhaíocht leantach a dhéanamh dá bun, iarracht a dhéanamh an duine tuairiscithe a shainaithint. Déileálfar le haon iarrachtaí dá éiríonn leo, faoi phróiseas araíonachta na hOifige, atá leagtha amach i gCód Araíonachta na Státseirbhíse.

Féach an rannán thíos ar 'Cosaint sonraí' chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin gcaoi a gcoimeádaimid slándáil agus rúndacht aon fhaisnéise pearsanta a phróiseáiltear mar chuid de thuairisc nochta.

## Cearta na ndaoine a shainaithnítear i nochtadh

Cosnóidh an Oifig céannacht aon duine dá dtagraítear i dtuairisc nochta don Oifig mar dhuine a gcuirtear an éagóiritheoireacht ina leith nó a bhfuil baint aige/aici léi.

Éilítear le prionsabail an cheartais nádúrtha agus na nósanna imeachta córa go gcuirfí duine a ndéantar líomhaintí ina choinne/coinne ar an eolas faoi na líomhaintí sin agus go dtabharfaí éisteacht chothrom neamhchlaonta dó/di. Ag an am céanna, tá an duine a thuairiscíonn an éagóiritheoireacht i dteideal a chéannacht/céannacht a chosaint faoin reachtaíocht um nochtadh cosanta.

Déanfar cearta an duine arna shainaithint i nochtadh a chothromú, mar sin, i gcoinne na hoibleagáide chun céannacht an duine tuairiscithe a chosaint.

Nuair is féidir, féachfaidh an Oifig leis an bhfaisnéis i nochtadh a fhíorú trí fhianaise dhoiciméadach.

I gcás ina measann an Oifig go bhfuil sé riachtanach duine atá cúisithe san éagóiritheoireacht a cheistiú nó faisnéis a lorg ó dhuine a bhfuil éagóiritheoireacht á chur/cur ina leith, tabharfar mionsonraí faoin líomhain don duine lena mbaineann agus tabharfar deis dó/di freagra a thabhairt agus cur in éadan na líomhna, ar choinníoll gur féidir é sin a dhéanamh gan céannacht an duine tuairiscithe a nochtadh. Aithníonn an Oifig, áfach, go bhféadfadh sé sin a bheith deacair dáiríre mar gheall ar mhéid bheag na hOifige.

I gcás nochta gan ainm, tabharfar an deis don duine a bhfuil éagóiritheoireacht á chur/cur ina leith, i gcás ina measann an Oifig gur gá déanamh amhlaidh, aghaidh a thabhairt ar ábhar an nochta agus ar aon fhianaise nó ráitis finnéithe a bhailítear mar chuid den imscrúdú.

Is féidir go dtiocfaidh ceart ionadaíochta duine ag cruinnithe imscrúdaithe chun cinn in imthosca eisceachtúla. I gcás ina dtagann sé chun cinn, beidh sé teoranta do chomhoibrí nó d’ionadaí ceardchumainn.

Cé go bhfuil duine i dteideal comhairle dlí a fháil dó/di féin, níl aon cheart uathoibríoch ann chun ionadaíocht dhlíthiúil a bheith aige/aici ag aon chruinnithe imscrúdaithe agus ní íocfaidh an Oifig aon chostais ionadaíochta dlí.

Breithneoidh an t-imscrúdaitheoir cibé acu is dócha nó nach dócha go gcuirfidh mainneachtain ionadaíocht dhlíthiúil a cheadú éisteacht chóir nó toradh cothrom i mbaol, agus imthosca ginearálta an cháis á gcur san áireamh, lena n-áirítear

a. cé chomh tromchúiseach is atá an chúis agus an phionóis fhéideartha

b. cibé acu is dócha nó nach dócha go dtiocfaidh aon phointí dlí chun cinn

c. cumas an duine lena mbaineann chun a chás/cás féin a thíolacadh agus cibé acu atá nó nach bhfuil sé/sí ag fulaingt mar thoradh ar aon riocht a d’fhéadfadh tionchar a bheith aige ar a chumas/cumas chun déanamh amhlaidh

d. cibé acu atá nó nach bhfuil aon deacracht nósimeachta i gceist leis an gcás

e. fhoirmiúlacht an chruinnithe imscrúdaithe

f. an gá atá le luas réasúnach le linn an t- imscrúdú a dhéanamh agus

g. an gá ginearálta le cothroime idir na páirtithe.

Urramófar na cearta faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 atá ag aon duine atá sainaitheanta i nochtadh. Féadfar feidhmiú an chirt chun faisnéise agus chun rochtana a theorannú nó a chur siar má mheasann an Oifig go bhfuil an baol ann go ndéanfaí dochar dá scrúdú ar an ní dá ndéanfaí amhlaidh (féach an rannán cCosaint sonraí thíos).

### Cosaint dóibh siúd a dhéanann nochtadh

Ní bheidh tú faoi mhíbhuntáiste as labhairt suas faoi ábhar imní, ar choinníoll go gcreideann tú le réasún go bhfuil na líomhaintí fíor. Má nochtann tú imní bunaithe ar chreideamh réasúnta[3] (fiú mura bhfuil bunús leis an ábhar imní atá agat nó má bhí dul amú ort faoi), beidh tú cosanta in aghaidh díoltais mar gheall ar an ábhar imní a d’ardaigh tú nó toisc gur dhiúltaigh tú gabháil don éagóiritheacht a braitheadh. Áirítear leis sin ábhair imní a d’fhéadfadh a bheith agat agus nach dtagann faoin sainmhíniú ar ‘éagóiritheoireacht’ san Acht um Nochtadh Cosanta.

Leis an Acht um Nochtadh Cosanta, soláthraítear cosaint ar phionós d’oibrithe a dhéanann nochtadh

- ar choinníoll gur i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair a tháinig an fhaisnéis arna nochtadh dá n-aire agus
- ar choinníoll go gcreideann siad le réasún go léiríonn an fhaisnéis éagóiritheoireacht iomchuímar atá sainmhínithe san Acht.

Sainmhínítear pionósú san Acht um Nochtadh Cosanta mar *‘aon ghníomh nó neamhghníomh, díreach nó indíreach, a tharlaíonn i gcomhthéacs oibre, a spreagtar trí thuairisc a dhéanamh agus a dhéanann díobháil gan údar, nó a d’fhéadfadh díobháil gan údar a dhéanamh, d’oibrí’*. Áirítear leis, mar shampla, dífhostú, cóir éagórach nó bagairtí díoltais, deiseanna ardaithe céime a chailleadh nó athbhreithniú diúltach maidir le feidhmíocht. Tá liosta neamh-uileghabhálach de shamplaí ón Acht um Nochtadh Cosanta de na rudaí a d’fhéadfadh a bheith áirithe mar phionósú curtha ar fáil in Aguisín A.

Gabhann an Oifig uirthi féin a chinntiú nach ngearrfar pionós de shaghas ar bith ar aon bhall foirne a dhéanann nochtadh mar gheall ar an ábhar imní a chur in iúl. Ní dhéanfar aon ghníomh a chuireann isteach ar an mball foirne chun aimhleasa dó maidir le haon téarma nó coinníoll ina fhostaíocht/fostaíocht toisc nochtadh a bheith déanta aige/aici.

Má chreideann tú go bhfuil tú do do phionósú ar bhealach ar bith as nochtadh a dhéanamh nó gur theip ar an Oifig gníomhú de bhun nochtadh a rinne tú, ba cheart duit é sin a thuairisciú a luaithe is féidir don Rúnaí agus don Stiúrthóir Iniúchóireachta. Féadfaidh tú comhairle neamhspleách a lorg ag am ar bith maidir le déileáil le pionósú nó mainneachtain freagra cuí a thabhairt ar nochtadh a dhéanamh.

Má chreideann duine go bhfuil pearsa aonair is comhghleacaí dá chuid/cuid a rinne nochtadh nó a chomhoibrigh san imscrúdú ar shárú tuairiscithe, ag fulaingt ciaptha, díoltais nó pionós de chineál ar bith, ba cheart dó/di é sin a chur in iúl (i) do Leas-Stiúrthóir na Rannóige sin, (ii) don Leas-Stiúrthóir um Sheirbhísí Lárnacha nó (iii) don Rúnaí agus don Stiúrthóir Iniúchóireachta, de réir mar is cuí.

Déanfaidh an Oifig measúnú/imscrúdú ar gach fógra den sórt sin agus déanfaidh sí beart cuí nuair is gá. Maidir le bainisteoir nó ball foirne a ghníomhaíonn in aghaidh duine a rinne nochtadh ar aon bhealach, beidh sé/sí faoi réir imeachtaí araíonachta cuí.

Foráiltear le hAlt 14 den Acht um Nochtadh Cosanta gurb amhlaidh, cé is moite de chlúmhilleadh, nach bhféadfar caingean dlí shibhialta a thionscnamh i gcoinne oibrí as nochtadh cosanta a dhéanamh. Féadfar oibrithe a agairt mar gheall ar chlúmhilleadh ach tá siad i dteideal cosanta ar “phribhléid cháilithe”. Ciallaíonn sé sin gur chóir go mbeadh sé an-deacair go n-éireodh le cás clúmhillte i gcoinne oibrí más féidir leis an oibrí a thaispeáint go ndearna sé nó sí nochtadh cosanta de réir an Achta um Nochtadh Cosanta agus nár ghníomhaigh sé nó sí go mailíseach. Níl aon bhunús eile faoina bhféadfar oibrí a agairt má tá nochtadh cosanta déanta aige nó aici de réir an Achta um Nochtadh Cosanta – m.sh. as sárú rúndachta.

Má dhéanann duine líomhain le creidiúint réasúnach gur léirigh an fhaisnéis arna nochtadh, nó go raibh claonadh inti éagóiritheoireacht a léiriú, rud nach ndearbhaítear le himscrúdú ina dhiaidh sin, ní dhéanfar aon ghníomh i gcoinne an duine sin. Mar sin féin, má léirítear san imscrúdú, nó má thagann sé chun solais ina dhiaidh sin, go ndearnadh an líomhain go mailíseach, déanfar gníomh araíonachta cuí i gcoinne an duine a rinne an líomhain.

Faoin Acht um Nochtadh Cosanta, is cion é tuairisc a dhéanamh ina mbeidh aon fhaisnéis is eol don duine tuairiscithe a bheith bréagach.

Tá an Oifig tiomanta do fhreagairt chuí a dhéanamh i leith aon ábhar imní faoi éagóiritheoireacht. Díreofar ar an éagóiritheoireacht seachas ar an duine a dhéanann an nochtadh. Déanfar caingean araíonachta i gcoinne aon duine a fhaightear amach go raibh baint aige/aici le héagóiritheoireacht a dhéanamh nó lena ceilt.

Ceanglaítear ar oibrí a bhfuil tuairisc nochta déanta aige/aici, cibé acu an ndearnadh measúnú nó imscrúdú air nó nach ndearnadh, é/í féin a iompar go gairmiúil fós agus leanúint dá chuid/cuid dualgas a chomhlíonadh mar is gnách. Níl sé de cheangal ar an oibrí, agus níl an oibrí i dteideal, cúrsaí a imscrúdú é/í féin chun cruthúnas a fháil ar a (h)amhras agus níor cheart dó/di féachaint le déanamh amhlaidh.

Ní hionann gnáthbhainistíocht oibrí a bhfuil tuairisc déanta aige/aici agus pionósú. Is féidir go n-áireofar leis sin gníomh araíonachta a dhéanamh i gcoinne an oibrí i leith nithe nach mbaineann le substaint na tuairisce.

Ina theannta sin, níor cheart d’oibrí a bhfuil tuairisc déanta aige/aici freagracht a ghabháil air/uirthi féin as cultúr trédhearcachta a chur chun cinn laistigh den Oifig. Cé gur cheart do gach oibrí cloí le cultúr den sórt sin, is faoin mBord Iniúchóireachta atá sé bearta den sórt sin a chur chun cinn agus a chur chun feidhme.

### *Na leigheasanna atá ar fáil*

Foráiltear leis an Acht um Nochtadh Cosanta do leigheasanna seachtracha sonracha d’oibrithe a chreideann gur gearradh pionós orthu as nochtadh cosanta a dhéanamh. Ina measc, áirítear

- *éileamh ar leigheas chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1997 - 2015*: i gcás go ndéantar oibrí a bhriseadh as a fhostaíocht/fostaíocht mar thoradh ar nochtadh cosanta a dhéanamh.
- *éileamh ar phionósú os comhair an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre:* Ní mór an t-éileamh a dhéanamh laistigh de sé mhí ó dháta an phionósaithe. Measfar gur mar thoradh ar nochtadh cosanta a bheith déanta ag an duine tuairiscithe a bheidh an pionósú líomhnaithe, ach amháin má chruthaíonn an fostóir go raibh bonn cirt leis an ngníomh nó leis an neamhghníomh ar fhorais eile. Is ar an bhfostóir a bheidh an dualgas cruthúnais, dá bharr sin.
- *éileamh ar fhaoiseamh urghaire sa Chúirt Chuarda:* Ní mór an t-éileamh a dhéanamh laistigh de 21 lá ó chás deiridh an phionósaithe.

San Acht um Nochtadh Cosanta, leagtar amach raon cionta coiriúla i leith sáruithe ar na cosaintí dá bhforáiltear leis an Acht. Mar shampla, is cion coiriúil é

- bac nó iarracht bac a chur ar oibrí tuairisc a thabhairt
- duine tuairiscithe nó tríú páirtithe comhlachaithe a phionósú, nó bagairt a dhéanamh go ndéanfaí amhlaidh
- imeachtaí cráiteacha a thionscnamh i gcoinne aon duine nó tríú páirtí comhlachaithe
- sárú ar an dualgas rúndachta maidir le céannacht na ndaoine tuairiscithe.

*Próiseas athbhreithnithe*

Féadfaidh aon duine a ndéanann na próisis seo a leanas difear dóibh athbhreithniú a iarraidh ar aon chinneadh nó aon phróiseas arna dhéanamh ag an Oifig

- cinneadh, tar éis measúnú a dhéanamh, chun an nós imeachta a thabhairt chun críche, nó chun an cás a atreorú chuig próiseas eile
- seoladh nó toradh aon ghníomhartha leantacha (lena n-áirítear aon imscrúdú) arna ndéanamh de bhun tuairisc nochta a fháil
- seoladh nó toradh aon imscrúdaithe ar ghearán faoi phionósú
- aon chinneadh chun céannacht duine tuairiscithe a nochtadh (ach amháin i gcásanna eisceachtúla).

Ba cheart iarraidh ar athbhreithniú a chur faoi bhráid an Rúnaí agus an Stiúrthóra Iniúchóireachta laistigh de 10 lá ó eisiúint aon litreach fógartha cinnidh oifigiúil. Ba cheart a leagan amach san iarraidh ar athbhreithniú an chúis/na cúiseanna a bhfuil athbhreithniú á lorg. Déanfaidh duine atá níos sinsearaí ná an duine a rinne an cinneadh bunaidh an t-athbhreithniú agus tabharfaidh sé/sí aghaidh ar na saincheisteanna sonracha sin a mbraitheann an t-iarratasóir nach bhfuil dóthain breithnithe déanta orthu. Beidh toradh an athbhreithnithe críochnaitheach.

## Cosaint Sonraí

Is de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus na reachtaíochta um chosaint sonraí a dhéanfar aon phróiseáil ar shonraí pearsanta a dhéantar de bhun an Achta um Nochtadh Cosanta.

Glacfaidh an Oifig bearta slándála teicniúla agus eagraíochtúla leordhóthanacha chun slándáil agus rúndacht aon fhaisnéise a fhaightear i nochtadh a choinneáil, chun an fhaisnéis sin a chosaint ar scriosadh agus ar chaillteanas, bíodh sé sin de thimpiste nó ar bhealach neamhdhleathach, agus ar rochtain neamhúdaraithe ar an bhfaisnéis nó ar a nochtadh neamhúdaraithe. Beidh feidhm ag na bearta slándála sin freisin maidir le haon tuairiscí nó nithe eile a chuirtear i gcrích mar thoradh ar fhiosrúcháin a bheith déanta ar na nithe atá in aon nochtadh a fhaightear.

Mar chuid de na bearta sin, ní bheidh rochtain ar an bhfaisnéis atá in aon nochtadh a fhaightear ach amháin ag an duine ainmnithe agus ag na daoine sin a bhfuil sé de chúram orthu go sainráite fiosrú a dhéanamh ar na nithe atá ann sa nochtadh.

In imthosca áirithe, féadfar srian a chur le cearta na n-ábhar sonraí faoin dlí um chosaint sonraí maidir lena sonraí pearsanta a phróiseáiltear chun críocha an Achta um Nochtadh Cosanta.

Beidh feidhm ag na srianta, a mhéid is gá agus chomh fada agus is gá, chun aon iarracht chun bac a chur ar thuairisciú a chosc agus chun aghaidh a thabhairt air nó chun bac a chur ar obair leantach, bac a chur uirthi nó moill a chur uirthi, nó iarrachtaí chun céannacht daoine tuairiscithe a fháil amach. Beidh feidhm ag na srianta freisin a mhéid is gá agus is comhréireach chun na cuspóirí tábhachtacha a bhaineann le leas an phobail i gcoitinne a chosaint agus chun an t-ábhar sonraí nó cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint.

Cuirfidh an Oifig an t-ábhar sonraí ar an eolas i gcás go bhfuil srian á chur i bhfeidhm, seachas i gcás, de thoradh ar dhéanamh amhlaidh, go nochtfaí faisnéis a d'fhéadfadh an duine tuairiscithe a shainaithint, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'obair leantach éifeachtach na héagóiritheoireachta iomchuí nó a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do bhaint amach aon chuspóirí tábhachtacha atá le leas an phobail i gcoitinne.

Féadfar ábhar sonraí, ar chuir an Oifig é/í ar an eolas faoi shrianadh, gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí nó leigheas breithiúnach a lorg maidir leis an srianadh sin. Is féidir sonraí teagmhála an Choimisiúin a fháil ar a shuíomh Gréasáin: https://www.dataprotection.ie

## Saoráil Faisnéise

Leasaíodh an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014, le hAlt 20 den Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022. Mar thoradh ar an leasú, níl feidhm ag an Acht um Shaoráil Faisnéise maidir le taifead a bhaineann le tuairisc a rinneadh faoin Acht um Nochtadh Cosanta, is cuma cibé acu a rinneadh nó nach ndearnadh an tuairisc roimh dháta rite an Achta um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022, nó ina dhiaidh.

## Tuarascáil bhliantúil

Cuirfear tuarascáil gan ainm ar fheidhmiú an bheartais seo ar fáil ag gach cruinniú den Bhord Iniúchóireachta. Áireofar léi sonraí maidir le líon agus cineál na nochtaí arna bhfáil chomh maith le sonraí maidir le haon ghearáin faoi phionósú i gcoinne baill foirne a rinne nochtadh agus bearta a rinneadh mar fhreagra ar gach tuairisc.

De réir alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, cuirfidh an Oifig tuarascáil bhliantúil ar fáil don Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin faoin 1 Márta gach bliain ina leagfar amach, maidir leis an mbliain féilire roimhe sin, líon na dtuarascálacha nochta a fuarthas sa bhliain, líon na n-imscrúduithe a osclaíodh, líon na n- imscrúduithe a dúnadh etc. sa bhliain sin.

Foilseofar an fhaisnéis sin freisin ar shuíomh Gréasáin na hOifige ag www.audit.gov.ie faoin 31 Márta gach bliain. Cuirfear an fhaisnéis ar fáil ar bhealach a chosnóidh céannacht na bpáirtithe uile lena mbaineann.

## Athbhreithniú ar an mbeartas

Déanfaidh an Bord Iniúchóireachta athbhreithniú bliantúil ar an mbeartas seo agus leasófar é más gá.

### Coinneáil sonraí

Aithnítear i mbeartas bainistíochta taifead na hOifige an tréimhse choinneála do thaifid a thagann faoi gach ceann dá príomhfheidhmeanna gnó. De ghnáth, coinneofar taifid a bhaineann le nochtadh inmheánach ar feadh seacht mbliana i ndiaidh thabhairt chun críche an athbhreithnithe/imscrúdaithe agus, ina dhiaidh sin, breithneofar iad lena n-aistriú chuig an gCartlann Náisiúnta nó scriosfar iad.

---

[1] Cuireann CSEAS folláine fostaithe agus éifeachtacht eagraíochtúil chun cinn trí raon leathan tacaí saor in aisce agus rúnda a sholáthar don fhoireann agus don lucht bainistíochta, agus iad ceaptha chun cabhrú le fostaithe deacrachtaí oibre agus saoil a bhainistiú.

[2] https://www.cseas.per.gov.ie/about-us/faq/

[3] Ní gá d'oibrí a bheith cinnte faoi na fíorais ina nochtadh. Ciallaíonn "creideamh réasúnach" go bhfuil an creideamh bunaithe ar fhorais réasúnacha. Triail oibiachtúil a bheidh sa tástáil arna chur i bhfeidhm ar "chreideamh réasúnach" i.e., déanfar an nochtadh a mheasúnú bunaithe ar an gcaoi a bhfreagródh duine réasúnach don fhaisnéis a bhí ar fáil dó nó di ag an am a ndéantar a nochtadh.

## Aguisín A: Sainmhínithe príomha ón Acht um Nochtadh Cosanta

### *Duine ainmnithe (mar atá sainmhínithe in Alt 6A den Acht)*

Duine neamhchlaonta nó daoine atá inniúil chun obair leantach a dhéanamh de bhun tuairiscí (agus féadfar gurb é/iad an duine céanna nó na daoine céanna a fuair an tuairisc) (dá ngairtear "duine ainmnithe" san alt seo) a leanfaidh i gcumarsáid leis an duine tuairiscithe agus, nuair is gá, a dhéanfaidh tuilleadh faisnéise a lorg ón duine tuairiscithe sin agus aiseolas a sholáthar dó/di.

### *Pionósú*

Ciallaíonn pionósú aon ghníomh nó neamhghníomh, díreach nó indíreach, a tharlaíonn i gcomhthéacs oibre, a spreagtar trí thuairisc a dhéanamh agus a dhéanann díobháil gan údar, nó a d'fhéadfadh díobháil gan údar a dhéanamh, d'oibrí, agus, go háirithe, folaíonn sé

a. fionraí, asleagan nó dífhostú,

b. ísliú céime nó deis ar ardú céime a chailleadh, nó ardú céime a choimeád siar,

c. aistriú dualgas, athrú ar shuíomh áite oibre, laghdú ar phá nó athrú ar uaireanta oibre,

d. aon araíonacht, iomardú nó pionós eile (lena n-áirítear pionós airgeadais) a fhorchur nó a chur i bhfeidhm,

e. comhéigean, imeaglú, ciapadh nó dúdhiúltú,

f. idirdhealú, míbhuntáiste nó cóir éagórach,

g. díobháil, damáiste nó caillteanas,

h. bagairt díoltais,

i. oiliúint a choimeád siar,

j. measúnú diúltach maidir le feidhmíocht nó teistiméireacht dhiúltach fostaíochta,

k. mainneachtain conradh fostaíochta sealadach a aistriú ina cheann buan, i gcás ina raibh ionchas dlisteanach ag an oibrí go dtairgfí fostaíocht bhuan dó nó di,

l. mainneachtain conradh fostaíochta sealadach a athnuachan nó é a fhoirceannadh go luath,

m. damáiste, lena n-áirítear damáiste do chlú an oibrí, go háirithe ar na meáin shóisialta, nó caillteanas airgeadais, lena n-áirítear caillteanas gnó agus caillteanas ioncaim,

n. dúliostáil ar bhonn comhaontú neamhfhoirmiúil nó foirmiúil ar fud na hearnála nó an tionscail, a d'fhéadfadh a fhágáil nach bhfaighidh an duine fostaíocht san earnáil nó sa tionscal amach anseo,

o. foirceannadh luath nó cealú conartha le haghaidh earraí nó seirbhísí,

p. ceadúnas nó cead a chealú, agus

q. atreoruithe síciatracha nó leighis.

### *Duine lena mbaineann*

Ciallaíonn 'duine lena mbaineann' duine nádúrtha nó dlítheanach dá dtagraítear i dtuairisc mar dhuine a gcuirtear an éagóiritheoireacht iomchuí ina leith nó a bhfuil baint ag an duine sin léi.

### *Duine forordaithe*

Ciallaíonn 'duine forordaithe' duine arna fhorordú le hordú faoi alt 7 den Acht um Nochtadh Cosanta.

Luaitear in alt 7(2) den Acht um Nochtadh Cosanta go '[bhféadfaidh] an tAire le hordú—

(a) cibé daoine a fhorordú ar dealraitheach, mar gheall ar chineál a bhfreagrachtaí nó a bhfeidhmeanna, gur daoine cuí iad chun nochtaí a fháil maidir le héagóiritheoireachtaí iomchuí a thagann faoi réim na tuairisce ar nithe a bhforordaítear iad ina leith, agus

(b) cibé tuairisc ar nithe a fhorordú, i leith gach duine fhorordaithe, is dealraitheach is cuí mar gheall ar chineál fhreagrachtaí nó fheidhmeanna an duine.

### *Éagóiritheoireacht iomchuí*

Chun críocha an Achta um Nochtadh Cosanta, is éagóiritheoireachtaí iomchuí iad seo a leanas

a. go ndearnadh cion, go bhfuil cion á dhéanamh nó gur dócha go ndéanfar cion,

b. gur mhainnigh duine nó go bhfuil, nó gur dócha go mbeidh, sé nó sí ag mainneachtain, déanamh de réir aon oibleagáid dhlíthiúil, seachas oibleagáid dhlíthiúil a eascraíonn faoi chonradh fostaíochta an oibrí nó faoi chonradh eile trína ngeallann an t-oibrí aon obair nó seirbhísí a dhéanamh nó a chomhlíonadh go pearsanta,

c. gur tharla iomrall ceartais nó go bhfuil, nó gur dócha go mbeidh, iomrall ceartais ag tarlú,

d. gur cuireadh sláinte nó sábháilteacht aon phearsan aonair i mbaol nó go bhfuil, nó gur dócha go mbeidh, sláinte nó sábháilteacht aon phearsan aonair á cur i mbaol,

e. go ndearnadh damáiste don chomhshaol nó go bhfuil, nó gur dócha go mbeidh, damáiste á dhéanamh don chomhshaol,

f. gur baineadh úsáid neamhdhleathach nó úsáid mhíchuí eile as cistí nó acmhainní comhlachta phoiblí, nó as airgead poiblí eile nó go bhfuil, nó gur dócha go mbeidh, úsáid neamhdhleathach nó úsáid mhíchuí eile á baint as an gcéanna,

g. go bhfuil gníomh nó neamhghníomh a dhéanann comhlacht poiblí nó a dhéantar thar a cheann leatromach, idirdhealaitheach nó mórfhaillíoch nó gur mór-mhíbhainistíocht atá ann,

h. gur tharla sárú ar dhlí sonraithe AE a leagtar amach sa Treoir, go bhfuil sárú ag tarlú nó gur dócha go dtarlóidh sárú, nó

i. go ndearnadh faisnéis, a bhféadfar aon ní a thagann faoi réim aon cheann de na míreanna sin roimhe seo a léiriú inti, a cheilt nó a scriosadh nó go bhfuil, nó gur dócha go mbeidh, faisnéis den sórt sin á ceilt nó á scriosadh nó go ndearnadh iarracht, nó go bhfuil iarracht á déanamh, nó gur dócha go ndéanfar iarracht, an fhaisnéis sin a cheilt nó a scriosadh.

### *Duine tuairiscithe*

Ciallaíonn 'duine tuairiscithe' oibrí a dhéanann tuairisc de réir an Achta um Nochtadh Cosanta.

### *Oibrí*

Chun críche an Achta um Nochtadh Cosanta, ciallaíonn oibrí pearsa aonair a fuair faisnéis faoi éagóiritheoireacht iomchuí i gcomhthéacs oibre. Folaíonn oibrí pearsa aonair

a. atá nó a bhí ina fhostaí nó ina fostaí,

b. a rinne aon chonradh eile, nó a oibríonn nó a d'oibrigh faoi aon chonradh eile, cibé acu sainráite nó intuigthe agus (i gcás é a bheith sainráite) cibé acu ó bhéal nó i scríbhinn, trínar gheall an phearsa aonair (cibé acu go pearsanta nó ar shlí eile) aon obair nó seirbhísí a dhéanamh nó a chomhlíonadh do pháirtí eile sa chonradh chun críocha ghnó an pháirtí sin,

c. a oibríonn nó a d'oibrigh do dhuine in imthosca

   i. ina ndéanann tríú duine an phearsa aonair a thabhairt isteach nó a chur ar fáil chun an obair a dhéanamh, agus

   ii. inarb é nó í an duine dá n-oibríonn nó dár oibrigh an phearsa aonair, an tríú duine nó an bheirt acu, agus níl an phearsa aonair, a dhéanann nó a rinne, i gcleachtas, na téarmaí, ar a bhfuil an phearsa aonair ar fostú chun an obair a dhéanamh, a chinneadh go substaintiúil,

d. dá soláthraítear nó dár soláthraíodh taithí oibre de bhun cúrsa nó clár oiliúna nó oiliúint le haghaidh fostaíochta (nó iad araon) ar shlí seachas faoi chonradh fostaíochta,

e. atá, nó a bhí, ina scairshealbhóir ar ghnóthas,

f. atá nó a bhí ina chomhalta nó ina comhalta den chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta de chuid gnóthais, lena n-áirítear comhaltaí neamhfheidhmiúcháin,

g. atá nó a bhí ina oibrí deonach nó ina hoibrí deonach,

h. a fhaigheann faisnéis faoi éagóiritheoireacht iomchuí le linn próiseas earcaíochta, agus

i. a fhaigheann faisnéis faoi éagóiritheoireacht iomchuí le linn caibidlí réamhchonarthacha (seachas próiseas earcaíochta dá dtagraítear in (h) thuas).

Meastar freisin gur oibrithe faoin Acht iad Státseirbhísigh, comhaltaí den Gharda Síochána, comhaltaí de na Buan-Óglaigh agus comhaltaí de na hÓglaigh Cúltaca.

### *Comhthéacs a bhaineann leis an obair*

Ciallaíonn 'comhthéacs a bhaineann leis an obair' gníomhaíochtaí oibre reatha nó san am atá caite san earnáil phoiblí nó san earnáil phríobháideach, is cuma aicme na ngníomhaíochtaí sin, trína bhfaigheann daoine faisnéis a bhaineann le héagóiritheacht iomchuí agus ar comhthéacs é a bhféadfaí na daoine sin a phionósú ann dá dtuairisceodh siad an fhaisnéis sin.

### *Nochtadh faisnéise*

I dtuairim réasúnach an oibrí, is faisnéis é nochtadh faisnéise a léiríonn éagóir amháin nó níos mó de ghnáth agus a tháinig chun solais don oibrí i gcomhthéacs oibre. Ba cheart go nochtfaí fíricí faoi dhuine nó rud éigin san fhaisnéis a thuairiscíonn tú, seachas líomhain ghinearálta nach bhfuil aon bhunús fíriciúil léi. Ní ceart duit líomhaintí éagóra a fhiosrú ná breis fianaise ná eolais a bhailiú - inis dúinn faoi na fíricí atá ar eolas agat amháin.

## Aguisín B: Gealltanas um Ionracas ag an Obair

INTEGRITY AT WORK

Helping foster workplaces where people are supported to raise concerns of wrongdoing and act with integrity.

# THE INTEGRITY AT WORK PLEDGE

The Office of the Comptroller and Auditor General recognises the importance of maintaining an ethical workplace and the valuable contribution of those who raise concerns about wrongdoing. We commit to not penalising, or permitting penalisation against, a worker who reports risks or incidents of wrongdoing and to responding to or acting upon those concerns. The term 'worker' comprehends staff, contractors, consultants, agency staff and interns.

In committing ourselves to this pledge, we will work towards implementing a 'whistleblowing'/ protected disclosures policy and procedures which will:

a. promote the reporting of wrongdoing or the risk of harm to a responsible person inside the organisation or external bodies as appropriate
b. provide comprehensive information about the types of disclosures that can be made, by whom and in respect of what
c. encourage our workers to seek professional advice both prior or subsequent to making a report
d. assure our workers that any report will be dealt with in the strictest confidence and that their identity or identifying information will not be disclosed to third parties unless required by law or necessary for the purposes of conducting an investigation
e. provide our workers with sufficient notice and a timely explanation in the event that his or her identity is to be disclosed to a third party
f. confirm that reports will be acted upon within a reasonable time frame and take whatever remedial action is deemed necessary by the organisation to address any wrongdoing or the risk of wrongdoing that might have been identified in response to the report
g. commit to keeping any worker who makes a report informed on the progress of investigations
h. provide for appropriate disciplinary action to be taken against anyone found to have penalised a worker for (i) having reported wrongdoing or (ii) refusing to engage in wrongdoing
i. commit to record anonymised data each year on (i) the number of reports made to it under the Protected Disclosures Act 2014, (ii) the nature of each report, (iii) the number of complaints of retaliation against workers who have made disclosures and (iv) the action taken in response to each report
j. share this data (as set out in paragraph i) with senior management, including the Board, or with the Minister of Public Expenditure and Reform (where appropriate)
k. ensure that our managers and responsible persons are aware of our commitments under this pledge and related policies and procedures and are adequately trained in handling a report
l. publicise our commitment to the *Integrity at Work* initiative with our workers and other relevant stakeholders.

Details of our Protected Disclosures Policy and Procedures can be found on our website at www.audit.gov.ie

| | |
|---|---|
| **Seamus McCarthy**<br>**Comptroller and Auditor General** | **Colette Drinan**<br>**Secretary and Director of Audit** |
| 5 April 2022 | 5 April 2022 |

## Aguisín C: Nochtadh Cosanta a Dhéanamh – Coinníollacha le haghaidh Cosaint faoin Acht

| Nochtadh le | Fostóir (Tuairisc inmheánach) | Duine forordaithe (Tuairisc sheachtrach) | Coimisinéir (Tuairisc Sheachtrach) | Aire (Eile) | Institiúidí an Aontais Eorpaigh (Tuarascáil sheachtrach) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Alt sonrach/Ailt shonracha den Acht** | 5, 6, 6A | 5, 7, 7A | 5, 7, 10B, 10C | 5, 8, 10D | 5, 7B |
| **Cé leis a mbaineann sé seo?** | Oibrí de chuid an fhostóra.<br>Oibrí de chuid fostóra eile nuair a bhaineann an éagóiritheoireacht go hiomlán/go príomha le hiompar an fhostóra sin nó a bhfuil freagracht dhlíthiúil ar an bhfostóir sin as. | Oibrí. | Oibrí. | Oibrí atá nó a bhí fostaithe ag comhlacht poiblí. | Tháinig oibrí. |
| **Coinníollacha le haghaidh Cosaint faoin Acht** | Tháinig sé chun solais i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair.<br>Creideamh réasúnach go dtugann an fhaisnéis le fios go ndearnadh éagóiritheoireac ht iomchuí. | Tháinig sé chun solais i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair.<br>Creideamh réasúnach:<br>• Go dtugann an fhaisnéis le fios go ndearnadh éagóiritheoirea c ht iomchuí;<br>• Go bhfuil an fhaisnéis agus aon líomhaintí fíor go substaintiúil; agus<br>• Go mbaineann an éagóiritheoireac h t iomchuí le ní a bhfuil an duine forordaithe ina leith. | Tháinig sé chun solais i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair.<br>Creideamh réasúnach:<br>• Go dtugann an fhaisnéis le fios go ndearnadh éagóiritheoir eacht iomchuí; agus<br>• Go bhfuil an fhaisnéis agus aon líomhaintí fíor go substaintiúil. | Tháinig sé chun solais i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair.<br>Creideamh go dtugann an fhaisnéis le fios go ndearnadh éagóiritheoireacht iomchuí.<br>Comhlíontar ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:<br>• Rinneadh tuairisc go hinmheánach agus/nó go seachtrach ach creidtear le réasún nach ndearnadh aon ghníomhaíocht leantach nó nach ndearnadh dóthain gníomhaíochta leantaí;<br>• Creidtear le réasún go bhfuil Ceann an chomhlachta phoiblí lena mbaineann comhpháirteach san éagóiritheoireacht;<br>• Creidtear le réasún go bhféadfadh an éagóiritheoireacht a bheith ina garchontúirt nó ina contúirt fhollasach do leas an phobail. | Chun solais i gcomhthéacs oibre.<br>Creideadh go réasúnta:<br>• Go raibh an fhaisnéis a tuairiscíodh fírinneach ag am an tuairiscithe; agus<br>• Go sáraíonn an fhaisnéis scóip Threoir an AE 2019/1937 (an Treoir maidir le Cosaint do Lucht Sceite Eolais). |

| Athbhreithniú agus stair an cheadaithe | |
|---|---|
| **Dáta athbhreithnithe deiridh:** | Deireadh Fómhair 2025 |
| **Faofa ag:** | An Bord Iniúchta ar an 10 Deireadh Fómhair 2025 |
| **Dáta an chéad athbhreithnithe eile:** | Deireadh Fómhair 2026 |
| **Le bheith faofa ag:** | An Bord Iniúchta |